



IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908
ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929
UNIVERSITIES ACT, 1997

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

REACTH CCCLXXI

National University of Ireland, Galway/*Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

STATUTE CCCLXXI/ *REACTH CCCLXXI*

WE, Údarás na hOllscoile of National University of Ireland, Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of National University of Ireland, Galway, make the Statute contained in the Schedule hereto for the general government of the said University./*Faoi agus de bhua na gcumhacht sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Reacht atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.*

Given under the Common Seal of National University of Ireland, Galway, this eleventh Day of March, Two Thousand and Twenty./*Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an t-aonú lá déag seo de Mhárta, Dhá Mhíle agus a Fiche.*

Present when the Common Seal of National University of Ireland, Galway, was affixed hereto:

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*
Caroline Loughnane, *Rúnaí Acadúil*

Schedule – STATUTE CCCLXXI/*Sceideal* – *REACTH CCCLXXI*

All previous Statutes of National University of Ireland, Galway, shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth./*Déanfar Reachtanna uile Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, roimhe seo a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.*

CHAPTER I

UNIVERSITY MANAGEMENT TEAM

1. Statute CCCLXIX, Chapter I is hereby amended by the substitution of the following Section for Section 1 therein:

“There shall be a University Management Team, consisting of the President, the Deputy President & Registrar, the Bursar, the Vice-Presidents, the Chief Operating Officer, the Secretary for Governance & Academic Affairs, the Executive Deans, the Dean of Graduate Studies, the Dean of Students, and the Director of Human Resources. All members of the University Management Team shall report directly to the President, or as otherwise decided by the President.”

CHAPTER II

THE CHIEF OPERATING OFFICER

1. Statute CCCLXIX, Chapter III, Sections 5 and 8 are hereby amended as follows:
 - a) By the removal of the phrase ‘and who had pensionable employment in the public service at some point in the twenty six weeks prior to his/her appointment’ in Section 5 thereof.
 - b) By the deletion of the first sentence in Section 8 therein, and it’s replacement with the following: “The Chief Operating Officer, under the direction of the President and in accordance with policy determined by Údarás na hOllscoile, shall have University Management Team responsibility for the following areas: Physical Resources, Information Solutions and Services, Insurance, Procurement, Health & Safety, Commercial Services, Corporate and Legal Affairs, Data Protection, Freedom of Information, and general regulatory advice”. Section 8 to now state as follows:

“The Chief Operating Officer, under the direction of the President and in accordance with policy determined by Údarás na hOllscoile, shall have University Management Team responsibility for the following areas: Physical Resources, Information Solutions and Services, Insurance, Procurement, Health & Safety, Commercial Services, Corporate and Legal Affairs, Data Protection, Freedom of Information, and general regulatory advice. He/She, reporting to the President, shall have overall responsibility for the coordination, organisation, delivery, monitoring and optimisation of the support services and support capacity of the University in the aforementioned areas of University Management. In discharging the assigned responsibilities, the Chief Operating Officer shall give due priority to facilitating and enabling the effectiveness in the University’s core work of teaching, learning, research and community engagement, to achieving best value for money in service provision, to delivering high standards of customer service, to developing good management practice, and to the development of excellence in teamwork and individual performance.”

2. Statute CCCLXIX, Chapter III is hereby extended by the addition of Section 10 as follows:

“The Chief Operating Officer, under the direction of the President and in accordance with policy determined by Údarás na hOllscoile, shall have responsibility for all matters relating to the legal affairs

of the University, including compliance with legislative requirements; all insurance matters and all matters relating to the corporate affairs of the University.

CHAPTER III

THE SECRETARY

1. Statute CCCLXIX, is hereby amended by the deletion of Chapter IV 'The Secretary' therein.

CHAPTER IV

1. Nothing herein contained shall affect any appointment made, right acquired or act done under any previous Statute of the University.
2. This Statute shall come into operation on the eleventh Day of March, Two Thousand and Twenty, and may be cited as Statute CCCLXXI, National University of Ireland, Galway, or Stat. CCCLXXI Nat. Univ. of I., Galway.

Present when the Common Seal of National
University of Ireland, Galway, was affixed hereto:

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*
Caroline Loughnane, *Rúnaí Acadúil*

CAIBIDIL I

FOIREANN BAINISTÍOCHTA NA HOLLSCOILE

1. Déantar Reacht CCCLXIX, Caibidil I, a leasú leis seo tríd an alt seo a leanas a chur in áit Alt 1:

“Beidh Foireann Bainistíochta na hOllscoile ann, agus is iad sin an tUachtarán, an tUachtarán Ionaid & Meabhránaí, an Sparánaí, na Leas-Uachtaráin, an Príomhoifigeach Oibriúcháin, an Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla, na Déin Feidhmiúcháin, an Déan Staidéir Iarchéime, Déan na Mac Léinn, agus an Stiúrthóir Acmhainní Daonna. Beidh baill uile Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile ag tuairisciú don Uachtarán, nó a mhalairt mar a chinneann an tUachtarán ó am go ham.”

CAIBIDIL II

AN PRÍOMH-OIFIGEACH OIBRIÚCHÁIN

1. Déantar Reacht CCCLXIX, Caibidil III, Alt 5 agus 8 a leasú leis seo mar seo a leanas:

- a) Tríd an bhfrása ‘agus a raibh fostaíocht phinseanach aige/aici sa tseirbhís phoiblí am ar bith thar tréimhse fiche agus a sé seachtainí sular ceapadh é/í’ a bhaint in Alt 5.
- b) Tríd an gcéad abairt in Alt 8 a scriosadh ansin, agus an méid seo a leanas a chur ina háit: “Beidh freagracht Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile ar an bPríomhoifigeach Oibriúcháin, faoi stiúir an Uachtaráin agus de réir polasaí a chinnfidh Údarás na hOllscoile, i leith na réimsí seo a leanas: Acmhainní Fisiciúla, Réitigh agus Seirbhísí Faisnéise, Árachas, Soláthar, Sláinte & Sábháilteacht, Seirbhísí Tráchtála, Gnóthaí Dlí agus Corparáideacha, GDPR, Saoráil Faisnéise agus comhairle rialacháin ghinearálta. Seo a leanas a bheidh sonraithe faoi Alt 8:

“Beidh freagracht Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile ar an bPríomhoifigeach Oibriúcháin, faoi stiúir an Uachtaráin agus de réir polasaí a chinnfidh Údarás na hOllscoile, i leith na réimsí seo a leanas: Acmhainní Fisiciúla, Réitigh agus Seirbhísí Faisnéise, Árachas, Soláthar, Sláinte & Sábháilteacht, Seirbhísí Tráchtála, Gnóthaí Dlí agus Corparáideacha, Cosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise agus comhairle rialacháin ghinearálta. Beidh freagracht iomlán air/uirthi agus é/í ag tuairisciú don Uachtarán, as comhordú, eagrú, seachadadh agus barrfheabhsú mar aon le monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí tacaíochta agus ar chumas tacaíochta na hOllscoile i réimsí thuasluaite de Bhainistíocht na hOllscoile. I gcomhlíonadh na bhfreagrachtaí sin, tabharfaidh an Príomhoifigeach Oibriúcháin tosaíocht chuí don éifeachtúlacht i bpríomhobair na hOllscoile maidir le teagasc, foghlaim, taighde agus rannpháirtíocht an phobail a éascú agus a chumasú, don luach is fearr ar airgead a bhaint amach i soláthar seirbhíse, do sheirbhís do chustaiméirí ar ardchaighdeán a sheachadadh, do dhea-chleachtas bainistíochta a fhorbairt, agus d’fhorbairt sármhaitheasa in obair foirne agus i bhfeidhmíocht aonair.”

2. Déantar Reacht CCCLXIX, Caibidil III a leasú leis seo trí Alt 10 a chur leis mar a leanas:

“Beidh an Príomhoifigeach Oibriúcháin, faoi stiúir an Uachtaráin agus de réir polasaí a chinnfidh Údarás na hOllscoile, freagrach as gnóthaí uile na hOllscoile maidir le gnóthaí dlí, lena n-áirítear riachtanais reachtúla a chomhlíonadh; gnóthaí árachais uile agus gnóthaí a bhaineann le gnóthaí

corparáideacha na hOllscoile.”

CAIBIDIL III

AN RÚNAÍ

1. Déantar Reacht CCCLXIX, a leasú leis seo trí Chaibidil IV ‘An Rúnaí’ a scriosadh.

CAIBIDIL IV

1. Ní dhéanfaidh aon ní anseo difear d’aon cheapachán a rinneadh, d’aon cheart a fuarthas ná d’aon ghníomh a rinneadh faoi aon Reacht den Ollscoil roimhe seo.
2. Tiocfaidh an Reacht seo i ngníomh an t-aonú lá déag de Mhárta, Dhá Mhíle agus a Fiche, agus féadfar Reacht CCCLXXI, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ghairm de, nó R. CCCLXXI, O. na hÉ., Gaillimh.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*
Caroline Loughnane, *Rúnaí Acadúil*